# Socrú Oibre idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus Aireacht Cónaidhme Dlí agus Cirt Phoblacht Chónaidhme na Nigéire

# Socrú Oibre idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus Aireacht Cónaidhme Dlí agus Cirt Phoblacht Chónaidhme na Nigéire

**Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), arna ionadú chun críocha an tSocraithe Oibre seo ag Ladislav Hamran, Uachtarán Eurojust;**

**agus**

**an Aireacht Cónaidhme Dlí agus Cirt, thar ceann údaráis inniúla na Nigéire, arna ionadú chun críocha an tSocraithe Oibre seo ag an Uasal Lateef O. Fagbemi SAN, Ard-Aighne na Cónaidhme agus an tAire Dlí agus Cirt;**

(dá ngairtear le chéile ina dhiaidh seo na "Páirtithe", nó ina n-aonar, an "Páirtí"),

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus a ghabhann in ionad Chinneadh 2002/187/JHA ón gComhairle[1] (dá ngairtear an "Rialachán Eurojust" anseo feasta), agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, agus go háirithe Airteagail, 47(1) agus (3), chomh maith le hAirteagal 52 (1) agus (2) de,

Ag féachaint d'Airteagal 18, go háirithe fo-airteagal (4) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (UNTOC) atá baileach i bpíosaí reachtaíochta éagsúla sa Nigéir, go háirithe an tAcht um Gháinneáil ar Dhaoine (Toirmeasc) um Fhorfheidhmiú agus Riarachán, an tAcht um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla, an tAcht um Chosc agus Toirmeasc ar Sciúradh Airgid, an tAcht um Sceimhlitheoireacht (Cosc agus Toirmeasc), an tAcht um Fháltais ó Choireacht (Téarnamh agus Bainistiú), i measc nithe eile;

Ós rud é go ndeacthas i gcomhairle le Bord Feidhmiúcháin Eurojust maidir le rún Eurojust Socrú Oibre a thabhairt i gcrích le hAireacht Cónaidhme Dlí agus Cirt na Nigéire an 5 Meitheamh 2023 agus gur thug sé tuairim fhabhrach, agus gur fhormheas an Coláiste a chonclúid an 7 Samhain 2023;

Ag féachaint do leasanna na Nigéire agus Eurojust araon maidir le comhar dlúth dinimiciúil a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann le coireacht thromchúiseach, go háirithe coireacht eagraithe thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht;

Agus na cearta bunúsacha agus na prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á n-urramú.

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

[1] IO L 295, 21.11.2018, lch.138. Leasaíodh an Rialachán seo le Rialachán (AE) 2022/838 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 (IO L 148, 31.5.2022, lgh. 1-5).

## CAIBIDIL I – FORÁLACHA GINEARÁLTA

### Airteagal 1
### Cuspóir agus raon feidhme

(1) Is é is cuspóir don Socrú Oibre seo (dá ngairtear an 'Socrú' anseo feasta) comhar straitéiseach a spreagadh agus a fhorbairt idir na Páirtithe chun an choireacht thromchúiseach eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Ní hionann an Socrú seo agus bunús dlí do shonraí pearsanta a mhalartú.

(2) Déanfar comhar idir na Páirtithe laistigh de shainordú Eurojust. D'fhéadfaí go gcuirfí san áireamh, go háirithe:

(a) Malartú faisnéise dlí, straitéiseach agus teicniúil, lena náirítear torthaí anailíse straitéisí, faisnéis a bhaineann le reachtaíocht agus cleachtais shubstainteacha agus nós imeachta choiriúla, deacrachtaí praiticiúla, dea-chleachtais agus na ceachtanna a foghlaimíodh sa chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla.

(b) Cuireadh a thabhairt dá chéile chuig imeachtaí um múscailt feasachta agus chun eolas a fhorbairt ar shaincheisteanna a bhaineann lena sainorduithe agus lena gcumais faoi seach.

(c) Feabhas a chur ar chomhar breithiúnach idirnáisiúnta i réimse an cheartais choiriúil tríd an gcumarsáid idir údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na Nigéire a éascú;

(d) Tuiscint fhrithpháirteach agus taithí a áirithiú ar na ceanglais maidir le comhar i ndáil leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe agus leis an sceimhlitheoireacht.

(e) Dea-chleachtais a mhalartú maidir leis na cineálacha coireanna is déine a chomhrac.

### Airteagal 2
### Ceangal le hionstraimí idirnáisiúnta eile

Beidh an Socrú seo gan dochar d'aon oibleagáid eile arna tabhú faoi théarmaí aon chomhaontaithe dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh idir an Nigéir agus an tAontas Eorpach nó aon cheann dá Bhallstáit ina bhfuil forálacha lena rialaítear comhar idirnáisiúnta in ábhair choiriúla.

## CAIBIDIL II – MODH COMHOIBRITHE

### Airteagal 3
### Pointe/Pointí Teagmhála

(1) Ainmneoidh an Nigéir Pointe Teagmhála amháin nó níos mó, a mbeidh de chúram orthu comhar le Eurojust a chomhordú agus a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha a roinnt go pras le húdaráis náisiúnta ábhartha na Nigéire.

(2) Tabharfar fógra cuí i scríbhinn do Eurojust maidir leis an gceapachán sin. Cuirfidh an Nigéir Eurojust ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú maidir leis an gceapachán seo.

(3) Áiritheoidh Eurojust go mbeidh modhanna éifeachtúla ag na Pointí Teagmhála chun cumarsáid a dhéanamh leis an nGníomhaireacht maidir le cúrsaí oibríochtúla agus straitéiseacha.

## Airteagal 4
## Feidhmeanna na bPointí Teagmhála

(1) Malartóidh na Pointí Teagmhála agus Eurojust faisnéis faoi raon feidhme an tSocraithe seo gan mhoill.

(2) Féadfar a iarraidh go háirithe ar Phointí Teagmhála an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Cumarsáid ghinearálta a áirithiú, lena n-áirítear maidir le hábhair amhail ceapacháin, malartuithe straitéiseacha, eagrú ceardlann, chomh maith le cúirtéis agus cuairteanna staidéir;
(b) Forghníomhú iarrataí ar chomhar breithiúnach a bhrostú, a éascú nó a chomhordú, agus obair leantach a dhéanamh maidir le stádas iarrataí sonracha, gan dochar do na bealaí tarchuir dá bhforáiltear in ionstraimí déthaobhacha nó iltaobhacha is infheidhme idir an Nigéir agus an Ballstát nó na Ballstáit den Aontas lena mbaineann;
(c) Teagmháil dhíreach a chumasú le húdaráis inniúla na Nigéire;
(d) Forálacha ar leith den reachtaíocht náisiúnta a shoiléiriú agus comhairle dlí a chur ar fáil a bhaineann le córas dlí na Nigéire;
(e) Comhairle a thabhairt maidir le conas iarrataí ar chomhar breithiúnach a chur faoi bhráid na Nigéire, lena n-áirítear i gcásanna práinneacha;
(f) Freastal ar údaráis inniúla na Nigéire agus rannpháirtíocht na n-údarás sin a éascú i gcruinnithe comhordúcháin agus i lárionaid chomhordúcháin arna n-eagrú ag Eurojust i gcásanna a bhaineann leis an Nigéir agus le Ballstáit an Aontais;
(g) Tacú le bunú údaráis inniúla na Nigéire agus rannpháirtíocht na n-údarás sin a éascú i bhfoirne comhpháirteacha imscrúdaithe a fhaigheann tacaíocht ó Eurojust;
(h) Cúnamh a thabhairt aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcreat an chomhair bhreithiúnaigh idir Eurojust agus an Nigéir a réiteach.

## Airteagal 5
## Feidhmeanna Eurojust

Féadfar iarraidh ar Eurojust an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Forghníomhú iarrataí ar chomhar breithiúnach a éascú nó a chomhordú, agus obair leantach a dhéanamh ar stádas iarrataí sonracha, gan dochar do na bealaí tarchuir dá bhforáiltear in ionstraimí déthaobhacha nó iltaobhacha is infheidhme idir an Nigéir agus an Ballstát nó na Ballstáit den Aontas lena mbaineann;
(b) Teagmháil dhíreach a chumasú le húdaráis náisiúnta inniúla;
(c) Forálacha ar leith den reachtaíocht náisiúnta a shoiléiriú agus comhairle dlí a chur ar fáil a bhaineann le córas dlí Bhallstáit an Aontais;
(d) Comhairle a thabhairt maidir le conas iarrataí ar chomhar breithiúnach a chur faoi bhráid Bhallstáit an Aontais, lena n-áirítear i gcásanna práinneacha;
(e) Rannpháirtíocht údaráis inniúla na Nigéire a éascú i gcruinnithe comhordúcháin agus in ionaid chomhordúcháin arna n-eagrú ag Eurojust i gcásanna a bhaineann leis an Nigéir;
(f) Tacú le bunú údaráis inniúla na Nigéire agus rannpháirtíocht na n-údarás sin a éascú i bhfoirne comhpháirteacha imscrúdaithe a fhaigheann tacaíocht ó Eurojust;
(g) Cúnamh a thabhairt aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcreat an chomhair bhreithiúnaigh idir Eurojust agus an Nigéir a réiteach.

## CAIBIDIL III – MALARTÚ FAISNÉISE

### Airteagal 6
### Cuspóir agus úsáid

(1) Ní dhéanfar faisnéis a mhalartú idir na Páirtithe ach amháin chun críoch an tSocraithe seo mar a bhunaítear in Airteagal 1(1) agus i gcomhréir le forálacha an tSocraithe agus le creataí dlíthiúla na bPáirtithe faoi seach.

(2) Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas, tráth a sholáthrófar an fhaisnéis nó roimhe sin, an chríoch dá soláthraítear an fhaisnéis agus aon srian ar a húsáid, a scriosadh, lena náirítear srianta féideartha ar rochtain i dtéarmaí ginearálta nó sonracha. I gcás inar léir go bhfuil gá le srianta den sórt sin tar éis an fhaisnéis a sholáthar, cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi na srianta sin a luaithe is féidir.

(3) Beidh úsáid na faisnéise chun críche eile seachas an chríoch dár tarchuireadh an fhaisnéis faoi réir údarú roimh ré ón bPáirtí a tharchuir an fhaisnéis sin.

### Airteagal 7
### Rúndacht

Beidh na Páirtithe faoi cheangal ag oibleagáid rúndachta maidir le faisnéis a gheofar le linn an socrú seo a chur chun feidhme. Urramófar aon srian arna fhorchur ag na Páirtithe nó ag údaráis náisiúnta an Aontais maidir le húsáid na faisnéise arna tarchur.

### Airteagal 8
### Tarchur ar aghaidh

(1) Ní fhéadfar aon fhaisnéis a gheobhaidh ceachtar Páirtí faoin Socrú seo a tharchur ar aghaidh chuig tríú páirtí ach amháin le toiliú roimh ré i scríbhinn ón bPáirtí tarchuir agus faoi réir aon choinníollacha nó srianta a shonróidh an Páirtí sin.

(2) Níl feidhm ag toiliú roimh ré i scríbhinn ón bPáirtí tarchuir nuair a roinneann Eurojust an fhaisnéis a thuilleadh le comhlachtaí de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Socrú seo nó le húdaráis atá freagrach sna Ballstáit as coireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

### Airteagal 9
### Dliteanas

(1) Má dhéantar damáiste do Pháirtí amháin nó do dhuine aonair mar thoradh ar phróiseáil faisnéise neamhúdaraithe nó mícheart ag an bPáirtí eile faoin Socrú seo, beidh an Páirtí sin faoi dhliteanas i leith an damáiste sin, i gcomhréir lena chreat dlíthiúil féin.

(2) Arna iarraidh sin, beidh Páirtí faoi cheangal an páirtí eile a aisíoc, na méideanna a dámhadh mar chúiteamh ar dhamáistí do pháirtí díobhálaithe toisc nár chomhlíon sé a oibleagáidí faoin Socrú seo. I gcás dliteanas comhroinnte, mura féidir teacht ar chomhaontú maidir leis na méideanna atá le híoc ar ais idir na Páirtithe faoin airteagal seo, socrófar an tsaincheist i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 12 den Socrú seo.

## CAIBIDIL IV – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### Airteagal 10
### Leasuithe

Féadfar an Socrú seo a leasú i scríbhinn, tráth ar bith, trí chomhthoiliú idir na Páirtithe.

**Airteagal 11**
**Caiteachas**

Íocfaidh gach Páirtí a speansais féin a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn chur chun feidhme an tSocraithe seo, mura gcomhaontófar a mhalairt de réir an cháis.

**Airteagal 12**
**Réiteach díospóidí**

(1) Maidir le gach díospóid a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith léiriú nó cur i bhfeidhm an tSocraithe seo, socrófar iad trí bhíthin comhairliúcháin agus caibidlíochta idir na Páirtithe d'fhonn teacht ar réiteach cothrom.

(2) Sa chás go dteipeann ar cheachtar de na Páirtithe forálacha an tSocraithe seo a chomhlíonadh, nó má tá Páirtí den tuairim go bhféadfadh a leithéid de mhainneachtain tarlú go luath amach anseo, féadfaidh ceachtar de na Páirtithe cur chun feidhme an tSocraithe seo a chur ar fionraí go sealadach.

**Airteagal 13**
**Measúnú ar chomhar**

Uair amháin ar a laghad gach dhá bhliain, tuairisceoidh na Páirtithe dá chéile ar chur chun feidhme an tSocraithe seo agus molfaidh siad modhanna feabhsúcháin.

**Airteagal 14**
**Foirceannadh**

(1) Féadfaidh ceachtar de na Páirtithe an Socrú seo a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn de thrí mhí a thabhairt.

(2) I gcás foirceanta, tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Socrú seo maidir le húsáid agus stóráil leanúnach na faisnéise arna malartú eatarthu. Mura dtagtar ar chomhaontú, beidh ceachtar Páirtí i dteideal a iarraidh go scriosfar an fhaisnéis a tarchuireadh.

## Airteagal 15
## Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Socrú seo i bhfeidhm ar an gcéad lá tar éis dháta a shínithe.

Arna dhéanamh sa Háig, an 9 Samhain 2023, i ndúblach, i mBéarla.

| Thar ceann na Nigéire | Thar ceann Eurojust |
| --- | --- |
| Ard-Aighne Onórach na Cónaidhme agus an tAire Dlí agus Cirt | Uachtarán |

# Ceapachán Pointe Teagmhála Eurojust

Is uirlis luachmhar é ceapachán Pointí Teagmhála Eurojust i dtríú Stáit chun feabhas a chur ar an gcomhar idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tríú Stáit trí Eurojust. Coinníonn Eurojust sonraí teagmhála nuashonraithe Phointí Teagmhála Eurojust agus na nDeasca Náisiúnta ag Eurojust. D'fhonn an nós imeachta ceapacháin agus tarchur faisnéise ábhartha faoi Phointe Teagmhála Eurojust a éascú, iarrtar ar na húdaráis cheapacháin litir fhoirmiúil cheapacháin a chur faoi bhráid Eurojust, agus an Fhoirm Cheapacháin seo ag gabháil léi.

Cloíonn an Ghníomhaireacht le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE, agus is faoin Rialachán sin a rialáiltear í. Tá Fógra Cosanta Sonraí i gceangal leis an bhFoirm seo.

Seol an litir fhoirmiúil cheapacháin mar aon le Foirm Cheapacháin Phointí Teagmhála Eurojust chuig institutional.affairs@eurojust.europa.eu

| | |
|---|---|
| **Ainm an údaráis ceapacháin:** | |
| **Seoladh an údaráis ceapacháin:** | |

| | |
|---|---|
| **Ainm agus teideal Phointe Teagmhála Eurojust:** | |
| **Seoladh oibre Phointe Teagmhála Eurojust:** | |
| **Sonraí teagmhála corparáideacha Phointe Teagmhála Eurojust:**<br>- **Uimhir ghutháin:**<br>- **Uimhir fóin póca:**<br>- **Uimhir facs:**<br>- **Seoladh ríomhphoist:** | |
| **Teangacha inar féidir teagmháil a dhéanamh le Pointe Teagmhála Eurojust:** | |
| **Réimsí saineolais Phointe Teagmhála Eurojust:** | |
| **Faisnéis ábhartha eile:** | |

**Fógra Cosanta Sonraí**

## 1. Comhthéacs agus Rialtóir

Is uirlis luachmhar é ceapachán Pointí Teagmhála Eurojust i dtríú Stáit chun feabhas a chur ar an gcomhar idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tríú Stáit trí Eurojust. Is fíor sin go háirithe i gcás na Stát sin nach bhfuil comhaontú comhair tugtha i gcrích ag Eurojust leo, ná nach bhfuil feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 55 go 59 de Rialachán Eurojust maidir leo. Coinníonn Eurojust sonraí teagmhála nuashonraithe Phointí Teagmhála Eurojust agus na nDeasca Náisiúnta ag Eurojust. D'fhonn an nós imeachta ceapacháin agus tarchur faisnéise ábhartha faoi Phointe Teagmhála Eurojust a éascú, iarrtar ar na húdaráis cheapacháin náisiúnta litir cheapacháin fhoirmiúil a chur faoi bhráid Eurojust, agus Foirm Cheapacháin ag gabháil léi.

Tá próiseáil sonraí pearsanta faoi réir Rialacháin (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar dhaoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (dá ngairtear anseo feasta Rialachán (AE) 2018/1725).

Is é Ceann na hOifige Gnóthaí Institiúideacha (institutional.affairs@eurojust.europa.eu) an rialaitheoir sonraí.

## 2. Cén fhaisnéis phearsanta a bhailímid, cad chuige a mbailímid í, cén bunús dlí atá leis sin agus cad iad na modhanna teicniúla a úsáidtear lena bailiú?

***Cineálacha sonraí pearsanta***

Is iad seo a leanas na sonraí pearsanta a dhéantar a phróiseáil: ainm, sloinne, feidhm, seoladh oibre, uimhir theileafóin chorparáideach, facs corparáideach, agus seoladh ríomhphoist corparáideach.

***Cuspóir na próiseála***

Is é an cuspóir atá leis na sonraí pearsanta a phróiseáil ná liosta Pointí Teagmhála ceaptha ag na húdaráis náisiúnta inniúla i dtríú Stáit a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir Eurojust agus tríú Stáit dá leithéidí sin a fheabhsú.

***Bunús dlí***

Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh mar a léirítear in Airteagail 3(5), 8 (1)(c), 47, agus 52(3) de Rialachán Eurojust.

***Modhanna teicniúla***

Bailímid an fhaisnéis seo trí ríomhphost agus/nó i bhfoirm páipéir. Stórálaimid na foirmeacha leictreonacha i dtimpeallacht shlán TFC Eurojust le rochtain theoranta do shealbhóirí poist Eurojust ar bhonn riachtanas. Stórálaimid na foirmeacha páipéir i gcaibinéad faoi ghlas nach bhfuil rochtain ach ag Ceannaire an IAO air.

### 3. Cé aige a bhfuil rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtar iad?

Beidh rochtain ar na sonraí ag comhaltaí Deasca Náisiúnta Eurojust, Ionadaí na Danmhairge ag Eurojust, ag Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh agus Cúntóirí ó thríú Stáit arna bpostú ag Eurojust, agus ag baill foirne Eurojust ón Oifig Gnóthaí Institiúideacha a údaraítear go cuí agus ón bhFoireann Tacaíochta Feidhmiúcháin chun na críche a thuairiscítear thuas.

***Aistrithe chuig tríú tíortha/eagraíochtaí idirnáisiúnta***
Ní bhaineann le hábhar.

### 4. Conas a dhéanaimid do chuid faisnéise a chosaint?

Déantar an fhaisnéis a chartlannú go leictreonach i gCóras Bainistíochta Sonraí Eurojust, líonra slán. Forbraítear na huirlisí TF go léir ag Eurojust de réir sraith chaighdeánach slándála agus déantar iad a thástáil go críochnúil dá réir, chun stóinseacht agus iontaofacht a chinntiú. Déantar comhaid pháipéir a stóráil i dtaisceadáin daingnithe agus scriostar iad de réir nósanna imeachta slándála.

### 5. Cá fhad a choinneoimid do chuid sonraí pearsanta?

Déantar athbhreithniú rialta ar na sonraí atá sa liosta teagmhála (uair sa bhliain). A luaithe a chuirtear Eurojust ar an eolas faoi na hathruithe ar sheasamh duine, déantar na sonraí ar an liosta a nuashonrú, nó mura bhfuil gá leo a thuilleadh, scriostar iad.

### 6. Conas is féidir leat do chuid faisnéise a fhíorú, a mhodhnú nó a scriosadh?

Tá sé de cheart agat rochtain a iarraidh ar phróiseáil do chuid sonraí pearsanta nó iad a cheartú nó a scriosadh nó a shrianadh nó, nuair is infheidhme, an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála nó an ceart chun iniomparthacht sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725. Ba cheart aon iarratas den sórt sin a dhíriú chuig an rialtóir sonraí, tríd an seoladh ríomhphoist seo a leanas a úsáid: institutional.affairs@eurojust.europa.eu.

### 7. Sonraí teagmhála

I gcás ceisteanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta:
Féadtar teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí Eurojust trí ríomhphost: dpo@eurojust.europa.eu.

### 8. Dul ar iontaoibh

Tá sé de cheart agat dul ar iontaoibh Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) trí ríomhphost: edps@edps.europa.eu nó tríd an nasc a leanúint: https://edps.europa.eu/data-protection/our-role-supervisor/complaints_en.

**Iarscríbhinn II**

**Liosta de Chomhlachtaí an Aontais**
**(Airteagal 8(2) den Socrú)**

Comhlachtaí de chuid an Aontais ar féidir leo rochtain a fháil ar fhaisnéis (trí Eurojust):

- An Banc Ceannais Eorpach (BCE)
- An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)
- An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)
- Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)
- Misin nó oibríochtaí arna mbunú faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta, atá teoranta do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí agus do ghníomhaíochtaí breithiúnacha
- Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)
- Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)
- Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)